2012·S51T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

# Ealaín Ceardaíocht Dearadh

# *–Líníocht*

## ARDLEIBHÉAL

Le tabhairt do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí
Dé Máirt, 17 Aibreán 2012

Tá cead ag na scoileanna an scrúdú a reáchtáil ar a rogha lá idir
**30 Aibreán agus 11 BEALTAINE 2012**

TÁ 100 MARC AG GABHÁIL LEIS AN bPÁIPÉAR SEO

Ní mór duit staidéar a dhéanamh as

| | | |
|---|---|---|
| **Catagóir A** | **Deilbheacha Nádúrtha** | **9.30 a.m. – 10.30 a.m.** |
| **nó** | | |
| **Catagóir B** | **Deilbheacha Saorga** | **9.30 a.m. – 10.30 a.m.** |
| **agus freisin as** | | |
| **Catagóir C** | **Deilbheacha Daonna** | **11.00 a.m. – 12.30 p.m.** |

# Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí

## LÍNÍOCHT

Ní mór Scrúdú an Teastais Shóisearaigh san Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh (Líníocht) a reáchtáil de réir riachtanais an scrúdpháipéir, *Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh (Líníocht) an Teastais Shóisearaigh, S51T*. Tá an scrúdpháipéar le dáileadh ar na hiarrthóirí uile Dé Máirt, 17 Aibreán.

**Ní mór do na múinteoirí na hiarrthóirí a chur ar an eolas faoi na rialacháin a leanas:**

**LÍNÍOCHT:**
**Catagóir A – Deilbheacha Nádúrtha**
**nó**
**Catagóir B – Deilbheacha Saorga**

Tá cead ag na hiarrthóirí cleachtadh a dhéanamh ar a rogha mír as Catagóir A, Deilbheacha Nádúrtha nó as Catagóir B, Deilbheacha Saorga, mar atá liostaithe ar an scrúdpháipéar S51T 2012, a tharraingt sa tréimhse idir an lá a bhfaigheann siad an páipéar agus lá an scrúdaithe.

Má chuireann iarrthóir isteach líníocht de mhír nach bhfuil liostaithe i gCatagóir A, Deilbheacha Nádúrtha ná i gCatagóir B, Deilbheacha Saorga, ar scrúdpháipéar S51T 2012, caillfidh sé/sí marcanna sa scéim mharcála faoi na ceannteidil Breathnóireacht agus Léirmhíniú.

Ar lá an scrúdaithe, caithfidh an t-iarrthóir tosú ag obair ar bhileog líníochta fholamh le haghaidh Chatagóir A, Deilbheacha Nádúrtha, nó le haghaidh Chatagóir B, Deilbheacha Saorga.

Ní mór an mhír a roghnaítear as Catagóir A nó as Catagóir B a chur in iúl go soiléir trína teideal a scríobh ar an mbileog líníochta.

Más mian le hiarrthóir úsáid a bhaint as bileoga líníochta daite in aon chatagóir, ní mór do na bileoga a bheith folamh, gan aon ábhar orthu, agus ní mór don Fheitheoir iad a shíniú roimh an scrúdú an lá sin.

Níl cead ag aon iarrthóir obair ealaíne d’aon chineál a thabhairt isteach san ionad scrúduithe.

## LÍNÍOCHT: Catagóir C – Deilbheacha Daonna

Tá cead ag na hiarrthóirí cleachtadh a dhéanamh ar an staidiúir a bhfuil cur síos uirthi i gCatagóir C, Deilbheacha Daonna, den scrúdpháipéar S51T 2012, a tharraingt sa tréimhse idir an lá a bhfaigheann siad an páipéar agus lá an scrúdaithe.

Ar lá an scrúdaithe, caithfidh na iarrthóirí tosú ag obair ar bhileog líníochta fholamh le haghaidh Chatagóir C, Deilbheacha Daonna, de réir an chur síos ar an scrúdpháipéar S51T 2012. Ní mór do na hiarrthóirí líníocht a chur isteach den staidiúir bheo a bhfuil cur síos uirthi ar an scrúdpháipéar S51T 2012.

Más mian le hiarrthóir úsáid a bhaint as bileoga líníochta daite in aon chatagóir, ní mór do na bileoga a bheith folamh, gan aon ábhar orthu, agus ní mór don Fheitheoir iad a shíniú roimh an scrúdú an lá sin.

Caillfidh na hiarrthóirí marcanna sa scéim mharcála faoi na ceannteidil Breathnóireacht agus Léirmhíniú má chuireann siad isteach líníocht de staidiúir nach bhfuil liostaithe i gCatagóir C, Deilbheacha Daonna, ar an scrúdpháipéar S51T 2012.

Níl cead ag aon iarrthóir obair ealaíne d'aon chineál a thabhairt isteach san ionad scrúduithe.

# Treoracha d'iarrthóirí

Tá cead agat dath a úsáid más mian leat agus meáin oiriúnacha ar bith: pinn luaidhe, pastail, criáin, peann agus dúch, péinteanna, marcóirí, nó meascán ar bith díobh sin.

Níl cead agat buanaitheoir spraeáilte a úsáid ar d'obair ealaíne.

Más mian leat úsáid a bhaint as bileoga líníochta daite in aon chatagóir, ní mór do na bileoga a bheith folamh, gan aon ábhar orthu, agus ní mór don Fheitheoir iad a shíniú roimh an scrúdú an lá sin le deimhniú go raibh siad folamh.

Ní ceadmhach bileoga líníochta níos mó ná méid A2 a úsáid.

Deimhnigh go bhfuil do scrúduimhir cheart scríofa go soiléir ar gach bileog líníochta atá agat.

Ní mór an mhír a roghnaíonn tú as Catagóir A nó as Catagóir B a chur in iúl go soiléir trína teideal a scríobh ar an mbileog líníochta.

Tosóidh scrúduithe na nDeilbheacha Nádúrtha agus na nDeilbheacha Saorga araon ar 9.30 a.m. agus críochnóidh siad ar 10.30 a.m.

Beidh sos 30 nóiméad ann idir deireadh do chéad scrúdaithe agus tús scrúdú na nDeilbheacha Daonna, a thosóidh ar 11.00 a.m. agus a chríochnóidh ar 12.30 p.m.

Ceadaítear 90 nóiméad le haghaidh líníocht na nDeilbheacha Daonna, na tréimhsí sosa uile a bheidh ag an gcuspa beo san áireamh.

Le linn an scrúdaithe, tabharfaidh an Feitheoir ar ais duit clúdach Choimisiún na Scrúduithe Stáit ina bhfuil do shaothar ar an tionscadal 2T, in éineacht le do mhír 3T.

Nuair a bheidh gach roinn den scrúdú seo thart, ní mór an dá bhileog líníochta a chur sa chlúdach chomh maith leis an gcuid eile de do shaothar tionscadail 2T.

Deimhnigh, le do thoil, go bhfuil do dhá bhileog líníochta san áireamh sa liosta den ábhar atá sa chlúdach agus go bhfuil sé sin dearbhaithe ar an taobh amuigh den chlúdach.

Ní mór an clúdach a shéalú ansin **i láthair an Fheitheora**.

Ní mór an obair 3T a chur ar bharr an chlúdaigh shéalaithe.

**Is coir é clúdach séalaithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit a oscailt sula dtosaíonn an mharcáil i mí an Mheithimh.**

## Catagóir A – Deilbheacha Nádúrtha

**MARCANNA – BREATHNÓIREACHT 25 · LÉIRMHÍNIÚ 25**

Roghnaigh rud amháin as an liosta thíos agus **ainmnigh** ar an mbileog líníochta é.

Bleibín gairleoige
Paicéad oscailte de bhrioscaí
Rolla aráin
Tornapa
Glac de ghais soilire agus duilleoga orthu
Bláth, agus an bláth oscailte
Brocailí
Eidhneán
Uibheacha i gcartán oscailte
Cáis ar chlár cáise

Tarraing líníocht den fhíor iomlán *agus* líníocht de chuid di a thaitníonn leat. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe.

**NÓ**

## Catagóir B – Deilbheacha Saorga

**MARCANNA – BREATHNÓIREACHT 25 · LÉIRMHÍNIÚ 25**

Roghnaigh rud amháin as an liosta thíos agus **ainmnigh** ar an mbileog líníochta é.

Buidéal anlainn
Mias agus claibín uirthi
Tiúb péinte
Fáiscín páipéir mór
Uaireadóir láimhe
Sparán
Osclóir buidéil
Súire
Bréagán páiste
Scuab thaosráin

Tarraing líníocht den fhíor iomlán *agus* líníocht de chuid di a thaitníonn leat. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe.

**AGUS**

## Catagóir C – Deilbheacha Daonna

**MARCANNA – BREATHNÓIREACHT 25 · LÉIRMHÍNIÚ 25**

An staidiúir bheo a éilítear:

Ba chóir don chuspa beo don scrúdú líníochta seo a bheith ina shuí go suaimhneach ar chathaoir.

Ba chóir go mbeadh dhá chos an chuspa ar an urlár.

Ba chóir go mbeadh greim ag an gcuspa ar leabhar oscailte lena dhá lámh.

Ba chóir don chuspa a bheith ag féachaint díreach ar aghaidh.

Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí ábalta na gnéithe uile d'aghaidh an chuspa a fheiceáil.

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an staidiúir iomlán a thaispeáint.

**NÓ**

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an cloigeann agus na guaillí a thaispeáint. Ní mór duit na gnéithe uile den aghaidh is féidir leat a fheiceáil a tharraingt i do líníocht.

| Liosta Seiceála don Tionscadal – Ardleibhéal | |
|---|---|
| 1 | Ullmhúchán don phéintéireacht nó don dearadh grafach |
| 2 | Péintéireacht nó dearadh grafach déanta |
| 3 | Staidéir thacaíochta don phéintéireacht nó don dearadh grafach |
| 4 | Ullmhúchán don 3T |
| 5 | An 3T déanta |
| 6 | Ullmhúchán don rogha (2T nó 3T) |
| 7 | Rogha (2T nó 3T) déanta |
| 8 | Staidéir thacaíochta don 3T agus don rogha |
| **Liosta seiceála don Líníocht – Ardleibhéal** | |
| 9 | Líníocht ó dheilbheacha nádúrtha/saorga |
| 10 | Líníocht ó dheilbheacha daonna |

**Ní cóir níos mó ná naoi mbileog ar a mhéad a úsáid ar an Ardleibhéal.**

**Ní mór na bileoga sin a chur sa chlúdach atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.**

**Ní mór an obair 3T a bheith ar bharr an chlúdaigh.**

**Ní ceart an obair 3T a chur i mbeartán ná i mbosca.**